# Eleathanach 415

Dé Máirt, an 7 Meitheamh 2022

## Gaelbhratach 2022

Is scéim í Gaelbhratach a thacaíonn le scoileanna chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn. Is scéim í do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ar fud na tíre.

Bíonn ar phobal na scoile obair le chéile chun spriocanna a bhaineann le labhairt agus úsáid na Gaeilge a bhaint amach. Cuireann Gael Linn an scéim ar fáil le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus ó Ghlór na nGael.

Ar an 17 Bealtaine tháinig daltaí ó iar-bhunscoileanna ar fud na tíre le chéile i mBaile Átha Cliath ag ócáid chun na bratacha a bhronnadh. Bhí áthas an domhain ar na daltaí agus beidh bratach álainn chorcra ar foluain taobh amuigh de na scoileanna go luath.

Tá gach eolas faoin nGaelbhratach ar fáil ag [www.gaelbhratach.ie](http://www.gaelbhratach.ie)







Bratach ar foluain

## Cáca milis nó briosca an-mhór!






Is cáca milis é an *Jaffa Cake* agus tá sé chomh beag le briosca. De ghnáth bíonn císte spúinse ag an mbun le subh oráiste air sin agus brat seacláide ar barr. Bíonn trastomhas de 5.4cm acu de ghnáth freisin.

Chun 15 bliana den chlár *Britain's Got Talent* nó *BGT* a cheiliúradh, rinne Frances Quinn *Jaffa Cake* ollmhór. Tá sí ag obair leis an gcomhlacht McVitie's.

Cruthaigh McVitie's an *Jaffa Cake* in 1927. Tá oideas speisialta acu don cháca milis, ach tá sé faoi rún!

Is é seo an *Jaffa Cake* is mó riamh agus bhain Frances agus foireann McVitie's úsáid as 160 ubh agus 8kg seacláid ann! Bhí sé chomh mór le 6,557 *Jaffa Cake* beag agus bhí trastomhas de 175cm aige.

Bhí go leor ann chun píosa a thabhairt do 300 duine ag na babhtaí leathcheannais de *BGT* i rith na seachtaine.

## Mílechosach Taylor Swift!

Le déanaí tá 17 spéiseas nua de mhílechosach aitheanta ar domhan. Bhí níos mó ná 7,000 spéiseas ann roimhe seo. Ach sna Sléibhte Apaláiseacha, sna Stáit Aontaithe, fuair taighdeoirí 17 spéiseas nua.

Is rud an-deacair é seo, toisc go dtaitníonn sé le mílechosach a bheith i bhfolach faoin talamh sa dorchadas!

Tá ceann amháin de na mílechosaigh ainmnithe in ómós do dhuine cáiliúil; Taylor Swift. Níl an mílechosach cosúil le Taylor Swift, ach taitníonn an t-amhránaí go mór le duine de na taighdeoirí. Is é *Nannaria swiftae* an t-ainm ar an mílechosach.

Ní hé seo an chéad uair gur thug taighdeoirí ainm cáiliúil ar ainmhí. Tá ainmhí cosúil le hochtapas a bhfuil 10 ngéag air le hainm Joe Biden, uachtarán Meiriceá!





Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta